Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10161/23**

| | |
|---|---|
| **SAN 346** | **MI 479** |
| **PHARM 91** | **TRANS 226** |
| **COVID-19 23** | **COCON 36** |
| **JAI 782** | **COMIX 278** |
| **POLGEN 51** | **SCHENGEN 26** |
| **FRONT 197** | **AVIATION 114** |
| **FREMP 175** | **RELEX 683** |
| **IPCR 41** | **TOUR 22** |
| **VISA 122** | |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 296 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le páirt a ghlacadh sa líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda arna bhunú ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus maidir le socruithe sealadacha chun taisteal idirnáisiúnta a éascú i bhfianaise dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 296 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 296 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2023
COM(2023) 296 final

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le páirt a ghlacadh sa líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda arna bhunú ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus maidir le socruithe sealadacha chun taisteal idirnáisiúnta a éascú i bhfianaise dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19[1], ba ghné ríthábhachtach an Rialachán sin mar chuid de fhreagairt na hEorpa ar phaindéim COVID-19 a bhí ann. A bhuí le glacadh agus leathadh amach tapa an Rialacháin, bhí saoránaigh an Aontais in ann gluaiseacht faoi shaoirse agus go sábháilte le linn na paindéime, agus d'oscail earnáil taistil na hEorpa in am do shamhradh 2021.

Tá sé léirithe gur éirigh go mór le Deimhniú Digiteach COVID AE in iarrachtaí na hEorpa aghaidh a thabhairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar shochaithe agus ar gheilleagair agus an tionchar sin a mhaolú. Rinneadh caighdeán de don Eoraip agus níos faide i gcéin go tapa, agus bhí 51 thríú tír agus críoch nasctha leis an gcóras[2] chomh maith leis na 27 mBallstát[3]. Agus níos mó ná dhá bhilliún deimhniú eisithe, chuir Deimhniú Digiteach COVID an Aontais sochair mhóra ar fáil do shaoránaigh agus do chónaitheoirí den Aontas Eorpach. D'éascaigh sé an tsaorghluaiseacht laistigh den Aontas nuair a measadh go raibh srianta taistil fós riachtanach de dheasca na paindéime agus d'fhág sé gurbh fhéidir deireadh comhordaithe a chur leis na srianta sin a luaithe is féidir. Tríd an ngné sheachtrach de, léiríodh gurb é Deimhniú Digiteach COVID AE an réiteach agus an uirlis is mó a úsáidtear chun taisteal agus téarnamh idirnáisiúnta sábháilte a chothú ar an leibhéal domhanda. Gach tríú tír agus críoch a eisíonn deimhnithe a chumhdaítear le cinneadh ón gCoimisiún de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953, glacann siad le Deimhnithe Digiteacha COVID AE nuair a cheanglaítear ar thaistealaithe atá ag teacht isteach a stádas COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil nó téarnamh a chruthú.

I mí an Mheithimh 2022, chuir na comhreachtóirí síneadh bliana amháin le Rialachán (AE) 2021/953 chun a áirithiú go bhféadfadh taistealaithe leanúint dá ndeimhnithe a úsáid dá rachadh an staid eipidéimeolaíoch go mór in olcas, rud a d'fhágfaí gur ghá do na Ballstáit srianta taistil a thabhairt isteach arís go sealadach laistigh den Aontas.

---

1 IO L 211, 15.6.2021, lch. 1. Ag gabháil leis an Rialachán seo, tá Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24), lena leathnaítear creat Dheimhniú Digiteach COVID AE chuig náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríoch Ballstáit, agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

2 Is de thoradh cinntí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún faoi Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 ('Tairseach AE') a dhéantar na tríú tíortha sin a nascadh le tairseach idir-inoibritheachta an chreata iontaoibhe arna chur ar bun faoin Rialachán sin. Ní bunús dlí iad na cinntí sin ón gCoimisiún chun deimhnithe de chuid an Aontais a úsáid i dtríú tír (nó chun taisteal chuig tríú tír).

3 I bhfianaise a ábhartha atá sé don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ionchorpraíodh an Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE sa chomhaontú sin agus dá réir sin tá feidhm aige freisin maidir leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua (Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 187/2021 an 30 Meitheamh 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus Iarscríbhinn VIII (Ceart bunaíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE (IO L 124, 8.5.2008, lch. 20)).

Tá Rialachán (AE) 2021/953 le dul in éag an 30 Meitheamh 2023. Ós rud é nach ann d'aon srian taistil laistigh den Aontas faoi láthair, agus á chur san áireamh gur i ngeall ar an gcomhthéacs eipidéimeolaíoch gur fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) deireadh COVID-19 an 5 Bealtaine 2023 mar éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní idirnáisiúnta í, ní féidir leis an Rialachán freastal a thuilleadh ar a chuspóir dearbhaithe agus, dá thoradh sin, ní bheadh údar cuí lena shíneadh.

I ngeall ar an rath a bhí ar Dheimhniú Digiteach COVID AE maidir le saorghluaiseacht agus taisteal a cheadú fiú i gcúinsí deacra na paindéime, tá ceachtanna le foghlaim ann don am amach romhainn. Tá sé mar thosaíocht ag an Aontas na beartais agus na huirlisí is gá a fhorbairt chun go mbeidh sé níos ullmhaithe do ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo. Is colún lárnach den ullmhacht sin iad na tairbhí a bhaineann le réitigh dhigiteacha a úsáid chun tionchar na ngalar teagmhálach ar chumas na saoránach agus na ngnólachtaí taisteal a mhaolú[4]. Tá na tairbhí a bhaineann le hullmhacht den sórt sin á nglacadh anois ar an leibhéal domhanda.

I ndáil leis an méid sin, tá an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) ag forbairt líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda a ghlacann creat iontaoibhe, prionsabail agus teicneolaíochtaí oscailte Dheimhniú Digiteach COVID AE faoina struchtúr féin. Chun a áirithiú go leanfaidh deimhnithe a úsáidtear ar fud an domhain de bheith infhíoraithe nuair is gá fiú tar éis dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart na Ballstáit a spreagadh dul isteach i líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS a luaithe a bheidh sé ar fáil chun tacú le húsáid na teicneolaíochta agus na sonraíochtaí Eorpacha le haghaidh deimhnithe COVID-19 i mbonneagar domhanda.

An 20 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle conclúidí lena n-iarrtar ar an gCoimisiún 'féachaint ar an mbreisluach a bhaineann le leagan digiteach de dheimhnithe vacsaínithe, agus an taithí a fuarthas le bonneagair dhigiteacha Eorpacha agus le huirlisí eile atá ann cheana á cur san áireamh, mar shampla, an Deimhniú Idirnáisiúnta Vacsaínithe nó Próifiolacsais'[5]. Tá an líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda atá á bhunú ag EDS, agus creat iontaoibhe Dheimhniú Digiteach COVID AE ina chroílár, á cheapadh chun fíorú agus idir-inoibritheacht dhomhanda na ndeimhnithe sin a chumasú. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfeadh sé réiteach domhanda ar fáil maidir leis an nglao a rinneadh sna conclúidí ón gComhairle.

Cuirfidh líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS deis thábhachtach ar fáil freisin chun leas a bhaint as an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19 chun tionchar na ngéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo a mhaolú. Dá ndéanfaí tuilleadh forbartha air, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go bhféadfadh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in eisiúint, glacadh, fíorú, chomh maith le húsáid an líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda chun an Deimhniú Idirnáisiúnta Vacsaínithe nó Próifiolacsais a dhigitiú, má dheimhnítear sin trí leasuithe ar an Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) a ghlacadh[6]. D'fhéadfaí líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS a úsáid freisin chun tacú le digitiú agus deimhniú barántúlacht na ngnáththaifid imdhíonta chomh maith le cásanna úsáide eile amach anseo sa tsláinte dhigiteach. Chuirfeadh forbairtí féideartha den sórt sin

[4] Moladh 3 – Uirlisí ábhartha an Aontais a ullmhú le haghaidh géarchéimeanna amach anseo: Tuarascáil Speisialta 01/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:'Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas' (europa.eu)

[5] Conclúidí maidir le vacsaíniú mar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun galair a chosc agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú (IO C 484/18, 20.12.2022, lch. 18)

[6] Tuarascáil an Choiste um Athbhreithniú maidir le leasuithe ar Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005). 6 Feabhra 2023 https://apps.who.int/gb/wgihr/pdf_files/wgihr2/A_WGIHR2_5-en.pdf

amach anseo – ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus ar rath idirnáisiúnta Dheimhniú Digiteach COVID AE – go mór leis an gclár oibre sláinte domhanda.

Sa ghearrthéarma, tá cruthúnas fós a éilíonn líon teoranta tíortha ar fud an domhain[7] maidir le vacsaíniú in aghaidh COVID-19, tástáil le haghaidh COVID-19 agus/nó téarnamh ó COVID-19 mar choinníollacha iontrála. Maidir le cásanna ina n-iarrtar ar shaoránach nó ar chónaitheoir de chuid an Aontais deimhniú COVID a thaispeáint i dtríú tír agus nach féidir leis deimhniú a sholáthar go héasca toisc nach bhfuil córas Dheimhniú Digiteach COVID AE ag feidhmiú a thuilleadh, ba cheart na cásanna den chineál sin a sheachaint, toisc gurb ionann sin agus teorannú ar thaisteal idirnáisiúnta trí mhodh iompair ar bith. Is deacair a mheas faoi láthair cá fhad a choimeádfaidh na tíortha sin na ceanglais iontrála sin a bhaineann le COVID-19, lena n-áirítear tar éis an 1 Iúil 2023. Ós rud é nach bhfuil sé cinnte fós conas a fhorbróidh an staid eipidéimeolaíoch, ní féidir a chur as an áireamh ach oiread go bhféadfadh roinnt tíortha i measc na 51 thríú tír agus críoch atá nasctha faoi láthair le Deimhniú Digiteach COVID AE ceanglais taistil a fhorchur athuair, agus d'fhéadfadh tíortha eile nach bhfuil sa chóras sin ceanglais shonracha iontrála a choinneáil nó a athshrianadh.

Dá bhrí sin, tá sé inmhianaithe maidir le saoránaigh agus cónaitheoirí den Aontas agus iad ag taisteal lasmuigh den Aontas go mbeidh modh ar fáil dóibh fós chun an stádas atá acu i ndáil le COVID-19 a chruthú, pé uair a iarrtar sin go sonrach orthu le haghaidh taisteal lasmuigh den Aontas tar éis an 1 Iúil 2023. Ina theannta sin, ba cheart go mbainfeadh saoránaigh agus cónaitheoirí an Aontais tairbhe as deimhnithe den sórt sin a bheith ar fáil chun leanúnachas cúraim a áirithiú.

Go praiticiúil, ní hamháin gur baineadh úsáid as deimhnithe digiteacha COVID AE chun críocha taistil, ach bhain seirbhísí sláinte úsáid astu freisin chun críocha leanúnachais cúraim, mar shampla, vacsaíniú trasteorann. D'fhéadfadh oibrithe sláinte i mBallstát eile nó i dtríú tír, mar shampla, deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint ag Ballstát amháin ina léirítear vacsaíniú (vacsaínithe) a rinneadh roimhe sin a úsáid chun dáileog ina dhiaidh sin a thabhairt. Ar an gcaoi chéanna, bhí deimhnithe téarnaimh úsáideach freisin chun faisnéis a sholáthar faoi ionfhabhtú COVID-19 a bhí ann roimhe sin.

Ina theannta sin, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go dtiocfadh borradh arís faoi chásanna COVID-19 nó ráig de ghalar eile a chur as an áireamh in aon chuid den domhan, d'fhéadfadh Ballstát amháin nó roinnt Ballstát bearta sláinte poiblí nua a thabhairt isteach amach anseo lena dteorannófaí teacht isteach ina gcríoch do dhaoine atá ag taisteal ó thríú tíortha. Chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na hábhair imní maidir leis an tsláinte phoiblí a thabharfadh údar cuí leis na bearta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leanúint de bheith ag brath ar dheimhnithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha i gcomhréir leis an teicneolaíocht agus leis na caighdeáin is bonn le córas Dheimhniú Digiteach COVID AE.

Dá bhrí sin, má thugann na Ballstáit bearta ginearálta sláinte poiblí isteach mar thoradh ar bhorradh a bheith ag teacht arís faoi chásanna COVID-19[8], is inmhianaithe go mbeidh an creat is gá acu chun leanúint de bheith ag glacadh le deimhnithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha a bhfuil a gcórais idir-inoibritheach le Deimhniú Digiteach COVID AE.

---

7 Ó mhí na Bealtaine 2023, dealraíonn sé go bhfuil roinnt srianta a bhaineann le COVID fós i bhfeidhm ag trí thír atá nasctha le Tairseach AE (an Indinéis, na hOileáin Fhilipíneacha agus Tóga). Lasmuigh de chomhthéacs Dheimhniú Digiteach COVID AE, tá ceanglais tástála fós i bhfeidhm sa tSín.

8 Maidir leis an gcur chuige molta, i gcás inar gá sin, féach Moladh (AE) 2022/2548 an 13 Nollaig 2022 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i ndáil le taisteal chuig an Aontas le linn phaindéim COVID-19 agus lena n-ionadaítear Mholadh (AE) 2020/912 ón gComhairle (IO L 328, 22.12.2022, lch. 146)

Tá sé tábhachtach aistriú rianúil a áirithiú do na Ballstáit ón nasc le Tairseach AE a bunaíodh i gcroílár chreat iontaoibhe Dheimhniú Digiteach COVID AE go dtí an nasc le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an dá chóras oibriú i gcomhthráth ar feadh tréimhse teoranta ama (3 mhí). Chun infhíoraitheacht Dheimhnithe Digiteacha COVID AE a áirithiú le linn na hidirthréimhse, déanfar eochracha poiblí na dtíortha agus na gcríoch atá nasctha le Tairseach AE, a chur ar fáil i líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS. Chuige sin, tá sé beartaithe na Ballstáit a spreagadh chun a n-eochracha poiblí a athnuachan roimh an 30 Meitheamh 2023, agus, tar éis nasc a bheith acu le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, an dá chóras a choinneáil sioncronaithe go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. I ndáil leis sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint d'oibriú thairseach AE a mhaoiniú tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach don idirthréimhse.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

I bhfianaise dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is é is aidhm don mholadh atá beartaithe bacainní ar thaisteal idirnáisiúnta a éascú agus a bhaint agus ullmhacht na mBallstát a chur chun cinn, dá mba ghá bearta sláinte poiblí a fhorchur ar theacht isteach ina gcríoch do dhaoine atá ag taisteal ó thríú tíortha de réir an chur chuige a moladh i Moladh (AE) 2022/2548 ón gComhairle.

An tráth céanna, rannchuidíonn an moladh atá beartaithe le leanúnachas cúraim a áirithiú i gcomhthéacsanna trasteorann (lena n-áirítear le tríú tíortha) agus le leathadh COVID-19 a chosc trí eisiúint leanúnach deimhnithe COVID-19 a spreagadh tar éis do Rialachán (AE) 2021/953 dul in éag an 30 Meitheamh 2023.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an moladh seo i gcomhréir le beartais eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le caidreamh seachtrach.

An 3 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte[9], ina moltar in Airteagal 13 go bhféadfaí seirbhísí forlíontacha a sholáthar trí MyHealth@EU lena n-éascaítear malartú nó fíorú córas deimhnithe sláinte dhigitigh. Ba cheart do na seirbhísí forlíontacha sin féachaint le hidir-inoibritheacht a bhaint amach le córais arna mbunú ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá an aidhm chéanna leis an Moladh seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 168(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena soláthraítear bunús chun moltaí ón gComhairle i réimse na sláinte poiblí a ghlacadh, agus ar Airteagal 292 CFAE mar aon le hAirteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE, lena soláthraítear bunús chun moltaí ón gComhairle i réimse an iompair a ghlacadh.

Le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine a bhaint amach, beidh tairbhe ann mar gheall ar na bearta a mholtar a bhaineann le glacadh le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil nó téarnamh ó thríú tíortha agus leis an nasc le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh

9 Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte (COM/2022/197 final)

dhomhanda EDS. Rannchuidíonn na bearta sin le haghaidh a thabhairt ar ullmhacht sláinte poiblí i gcás ina dtiocfadh borradh arís faoi chásanna COVID-19.

Thairis sin, d'éascófaí taisteal idirnáisiúnta agus soláthar rianúil seirbhísí iompair idirnáisiúnta a bhuí le deimhnithe COVID-19 a bheith ar fáil go leanúnach, fiú tar éis dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953, dá nglacfadh na Ballstáit cur chuige comhordaithe, mar a mholtar sa togra seo le haghaidh moladh.

- **An Choimhdeacht**

Rachadh cur chuige comhsheasmhach maidir leis an bhféidearthacht leanúnach deimhnithe COVID-19 a eisiúint nuair is gá chun tairbhe do shaoránaigh nó cónaitheoirí den Aontas agus d'oibreoirí iompair. Dá rachfaí isteach i líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, sholáthrófaí réiteach coiteann chun leanúint de dheimhnithe COVID-19 a eisiúint. Rannchuideodh rannpháirtíocht i líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS le hailíniú domhanda a dhéanamh ar chaighdeáin deimhnithe sláinte agus le córas a bhunú chun deimhnithe sláinte digiteacha a aithint le haghaidh taisteal idirnáisiúnta agus leanúnachas cúraim.

- **Comhréireacht**

Cuirtear san áireamh sa togra seo dul in éag Rialachán (AE) 2021/953 atá ar tí tarlú agus an gá atá ann a áirithiú maidir le saoránaigh agus cónaitheoirí den Aontas agus iad ag taisteal lasmuigh den Aontas go mbeidh modh ar fáil dóibh fós chun an stádas atá acu i ndáil le COVID-19 a chruthú, agus an gá rannchuidiú le cur chuige comhordaithe i leith deimhnithe arna n-eisiúint fós ag tríú tíortha i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar síos i gcomhréir leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, tá an togra oiriúnach ó thaobh na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear san áireamh sa togra seo an plé a rinneadh roimhe seo leis na Ballstáit, i gcomhthéacs chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/953. Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ach cuirtear san áireamh sa togra na bearta athraitheacha arna ndéanamh ag tríú tíortha a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le teacht isteach ina gcríoch i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, agus an fhianaise ábhartha uile atá ar fáil.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an Moladh seo ón gComhairle atá beartaithe, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, a leagtar síos in Airteagal 8.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Nóta ar bith.

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le páirt a ghlacadh sa líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda arna bhunú ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus maidir le socruithe sealadacha chun taisteal idirnáisiúnta a éascú i bhfianaise dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(6), agus Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 91 agus le hAirteagal 100(2), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'éirigh Deimhniú Digiteach COVID AE a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] ina chaighdeán domhanda go tapa i ndáil le deimhnithe i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh, le 51 tríú tír agus críoch atá nasctha leis an gcóras i dteannta na 27 mBallstát. Tríd an ngné sheachtrach de, léiríodh gurb é Deimhniú Digiteach COVID AE an réiteach agus an uirlis is mó a úsáidtear chun taisteal agus téarnamh idirnáisiúnta sábháilte a chothú ar an leibhéal domhanda. Sa bhreis ar an taisteal, chothaigh úsáid deimhnithe digiteacha COVID leanúnachas an vacsaínithe trasteorann.

(2) Bhí Deimhniú Digiteach COVID AE ríthábhachtach chun an tsaorghluaiseacht agus an taisteal a chosaint agus d'fhéadfadh an teicneolaíocht is bun leis leanúint de bheith ina huirlis, rud a bheadh riachtanach chun a bheith níos ullmhaithe do ghéarchéimeanna sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, rud a ligfeadh do shaoránaigh agus do ghnólachtaí tionchar na ngalar teagmhálach a mhaolú agus ullmhacht chuí a áirithiú. Tá sé sin i gcomhréir freisin leis an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[11].

(3) Tá Rialachán (AE) 2021/953 le dul in éag an 30 Meitheamh 2023.

(4) Bunóidh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda. Is sásra é an líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda chun tacú le deimhnithe arna n-eisiúint ag rannpháirtithe an líonra deimhniúcháin sláinte digití domhanda a fhíorú. Ar dtús, bhainfeadh na deimhnithe sin le deimhnithe COVID-19, agus d'fhéadfaí a áireamh orthu freisin, ag céim níos déanaí, doiciméid

---

[10] Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (IO L 211, 15.6.2021, lch. 1).

[11] Moladh 3 – Uirlisí ábhartha an Aontais a ullmhú le haghaidh géarchéimeanna amach anseo: Tuarascáil speisialta 01/2023:'Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas' (europa.eu)

eile a dheimhniú, mar shampla, gnáth-thaifid imdhíonta agus an Deimhniú Idirnáisiúnta Vacsaínithe nó Próifiolacsais chun críocha taistil idirnáisiúnta agus leanúnachas cúraim.

(5) Ba cheart féachaint ar chórais a bhunú chun tionchar géarchéimeanna sláinte domhanda ar thaisteal do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a mhaolú mar phríomhcholún de chlár oibre ullmhachta an Aontais. Rannchuideodh an rannpháirtíocht i líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS le hailíniú domhanda a dhéanamh ar chaighdeáin deimhnithe sláinte agus le córas a bhunú chun deimhnithe sláinte digiteacha a aithint le haghaidh taisteal idirnáisiúnta agus leanúnachas cúraim.

(6) An líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda atá á fhorbairt ag EDS, glacann sé creat iontaoibhe, prionsabail agus teicneolaíochtaí oscailte Dheimhniú Digiteach COVID AE faoina struchtúr féin. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun nascadh le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS a luaithe is féidir roimh an 30 Meán Fómhair 2023, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na sonraíochtaí teicniúla arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953. Chun aistriú rianúil a dhéanamh ó chóras Dheimhniú Digiteach COVID AE chuig líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit deimhnithe nua sínitheora dhigitigh a eisiúint a úsáidtear chun Deimhnithe Digiteacha COVID AE a eisiúint roimh dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953 chun a áirithiú go mbeidh an bhailíocht theicniúil uasta acu agus na deimhnithe sin a chlárú i dTairseach AE.

(7) Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún aistriú rianúil a áirithiú do na Ballstáit chun páirt a ghlacadh i líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, trí Thairseach AE a choinneáil ar bun go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 ar bhealach a thacaíonn le cuspóirí an Mholta seo. Chuige sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Tairseach AE a mhaoiniú tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Leis sin, ba cheart a ndóthain ama a bheith ag na Ballstáit agus na tríú tíortha atá nasctha le Tairseach AE na nósanna imeachta is gá a ghlacadh chun líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS a chur ar siúl.

(8) I gcás gach saoránach agus cónaitheoir den Aontas atá ag taisteal lasmuigh den Aontas, ba cheart modh a bheith ar fáil dóibh chun an stádas atá acu i ndáil le COVID-19 a chruthú, pé uair a iarrtar sin go sonrach orthu le haghaidh taisteal lasmuigh den Aontas. Mura bhfuil modh cruthúnais den sórt sin ann, d'fhéadfadh sé go laghdófaí toilteanas agus cumas paisinéirí an Aontais taisteal chuig cinn scríbe áirithe, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar sholáthar seirbhísí iompair. Thairis sin, d'fhéadfadh coinníollacha éagothroma maidir le deimhnithe den sórt sin a eisiúint idir na Ballstáit difear a dhéanamh d'iomaíocht chóir idir oibreoirí iompair más rud é nach bhfuil an taisteal idirnáisiúnta ó Bhallstáit áirithe chomh ciotach céanna toisc go bhfuil rochtain éasca ar dheimhnithe COVID-19 ábhartha. Dá bhrí sin, a luaithe a bheidh siad nasctha le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit freisin deimhnithe san fhormáid atá comhoiriúnach leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE)

[12] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

2021/1073 ón gCoimisiún[13] a eisiúint, arna iarraidh sin orthu, chun taisteal idirnáisiúnta a éascú trí aon mhodh iompair chuig tríú tíortha a dteastaíonn deimhnithe den sórt sin uathu. I dteannta taisteal idirnáisiúnta a éascú, rannchuideodh eisiúint den sórt sin le hailíniú domhanda a dhéanamh ar chaighdeáin deimhnithe sláinte agus le córas a fhorbairt chun deimhnithe sláinte digiteacha a aithint, rud a d'éascódh leanúnachas cúraim.

(9) Ba cheart do na Ballstáit deimhnithe den sórt sin a eisiúint, lena n-áirítear le linn na hidirthréimhse, i bhformáid dhigiteach nó i bhformáid pháipéarbhunaithe, nó sa dá fhormáid sin. Ba cheart na sealbhóirí ionchasacha a bheith i dteideal na deimhnithe a fháil ina rogha féin formáide. An fhaisnéis atá sna deimhnithe, ba cheart í a thaispeáint freisin i bhfoirm atá inléite ag an duine agus ba cheart í a sholáthar ar a laghad i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit eisiúna agus sa Bhéarla.

(10) Le glacadh Dheimhniú Digiteach COVID AE ag líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, ba cheart é a bheith de chumas ag tríú tíortha a bhfuil ceanglais a bhaineann le COVID-19 i bhfeidhm fós acu mar choinníollacha iontrála ar a gcríocha, agus atá nasctha le tairseach idir-inoibritheachta an chreata iontaoibhe arna chur ar bun faoi Rialachán (AE) 2021/953 ('Tairseach AE'), glacadh leis na deimhnithe arna n-eisiúint roimh an 1 Iúil 2023 agus ina dhiaidh sin agus iad a fhíorú.

(11) Maidir le cásanna ina n-iarrtar ar shaoránach nó ar chónaitheoir de chuid an Aontais deimhniú COVID-19 a thaispeáint i dtríú tír agus nach féidir leis deimhniú a sholáthar go héasca toisc nach bhfuil córas Dheimhniú Digiteach COVID AE ag feidhmiú, ba cheart na cásanna sin a sheachaint, toisc gurb ionann sin agus teorannú ar thaisteal idirnáisiúnta trí mhodh iompair ar bith.

(12) Ó thaobh taistealaithe chuig an Aontas, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go dtiocfadh borradh arís faoi chásanna COVID-19 nó ráig de ghalar eile a chur as an áireamh in aon chuid den domhan, d'fhéadfadh Ballstát amháin nó roinnt Ballstát bearta sláinte poiblí nua a thabhairt isteach amach anseo lena dteorannófaí teacht isteach ina gcríoch do dhaoine atá ag taisteal ó thríú tíortha. Cé gur cheart aon srian den sórt sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabail ghinearálta na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe, d'fhéadfaí údar a thabhairt leo ar fhoras leas an phobail, is é sin an tsláinte phoiblí a chosaint. Chun a áirithiú gur féidir aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar ábhair imní den sórt sin maidir leis an tsláinte phoiblí, ba cheart do na Ballstáit leanúint de bheith in ann glacadh le deimhnithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha i gcomhréir leis na hardchaighdeáin a leagtar síos faoi láthair i Rialachán (AE) 2021/953 agus iad a fhíorú. I gcás ina n-éileoidh na Ballstáit cruthúnas ar vacsaíniú, tástáil nó téarnamh ó COVID-19 chun srianta ar thaisteal isteach san Aontas a tharscaoileadh, ba cheart dóibh glacadh le cruthúnais maidir le vacsaíniú, téarnamh nó tástáil COVID-19 a cumhdaíodh roimhe sin le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialacháin (AE) 2021/953, i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i Moladh (AE) 2022/2548 ón gComhairle[14].

---

13 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 230, 30.6.2021, lch. 32).

14 Moladh (AE) 2022/2548 an 13 Nollaig 2022 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun taisteal chuig an Aontas le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/912 ón gComhairle (IO L 328, 22.12.2022, lch. 146).

(13) Ós rud é gur féidir le heisiúint deimhnithe iomchuí idir-inoibritheacha rannchuidiú le taisteal idirnáisiúnta chuig tríú tíortha áirithe a éascú trí aon mhodh iompair, ba cheart iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú, lena n-áirítear le linn na hidirthréimhse, go gcomhtháthóidh oibreoirí seirbhísí iompair paisinéirí trasteorann a bhfuil sé de cheangal orthu bearta sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19 a chur chun feidhme fíorú na ndeimhnithe sin in oibriú bonneagar iompair trasteorann, mar shampla, aerfoirt, calafoirt agus stáisiúin iarnróid agus bus, i gcás inarb iomchuí.

(14) D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún 'féachaint ar an mbreisluach a bhaineann le leagan digiteach de dheimhnithe vacsaínithe, agus an taithí a fuarthas á gcur san áireamh le bonneagair dhigiteacha Eorpacha agus le huirlisí eile atá ann cheana, mar shampla, an Deimhniú Idirnáisiúnta Vacsaínithe nó Próifiolacsais'[15]. Tá forbairtí comhchosúla beartaithe ag EDS, a bhfuil sé beartaithe aige líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS a fhorbairt a thuilleadh, chun tacú, mar shampla, le digitiú an Deimhnithe Idirnáisiúnta Vacsaínithe nó Próifiolacsais, nó deimhnithe vacsaínithe le haghaidh gnáthimdhíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart iarraidh ar na Ballstáit páirt ghníomhach a ghlacadh san iarracht an líonra a fhorbairt a thuilleadh, agus cineálacha eile deimhnithe vacsaínithe nó sonraí sláinte a eisiúint, a ghlacadh agus a fhíorú, de réir mar is ábhartha.

(15) Le linn idirthréimhse go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, agus chun aistriú rianúil chuig líonra deimhniúcháin sláinte digití domhanda EDS a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil nasc acu go fóill le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS leanúint de dheimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a eisiúint, arna iarraidh sin, san fhormáid atá comhoiriúnach leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún[16]. Le linn na hidirthréimhse freisin, i gcás ina n-éileoidh na Ballstáit cruthúnas ar vacsaíniú, tástáil nó téarnamh ó COVID-19 chun srianta ar thaisteal isteach san Aontas a tharscaoileadh, ba cheart dóibh glacadh le cruthúnais maidir le vacsaíniú, tástáil nó téarnamh ó COVID-19 a cumhdaíodh roimhe sin le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialacháin (AE) 2021/953, i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i Moladh (AE) 2022/2548 ón gComhairle[17].

(16) Le linn na tréimhse céanna, na Ballstáit sin nach bhfuil nasctha go fóill le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, ba cheart dóibh a bheith nasctha i gcónaí le Tairseach AE, a mhéid atá an tairseach sin á cothabháil ag an gCoimisiún. Na Ballstáit sin atá nasctha cheana le líonra deimhniúcháin sláinte digití domhanda EDS, ba cheart dóibh an fhaisnéis a uaslódálann siad chuig líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS a shioncrónú le Tairseach AE.

---

15 Conclúidí maidir le vacsaíniú mar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun galair a chosc agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú (2022/C 484/05) (IO C 484, 20.12.2022, lch. 18)

16 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 230, 30.6.2021, lch. 32).

17 Moladh (AE) 2022/2548 an 13 Nollaig 2022 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe i ndáil le taisteal chuig an Aontas le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/912 ón gComhairle (IO L 328, 22.12.2022, lch. 146).

(17) Ba cheart do na Ballstáit éifeacht a thabhairt don Mholadh seo ón 1 Iúil, arb é an lá tar éis dhul in éag Rialachán (AE) 2021/953, ionas go seachnófar aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe maidir le taisteal idirnáisiúnta chuig tríú tíortha a bhfuil deimhnithe COVID ag teastáil ina leith fós. Go sonrach a mhéid a bhaineann le deimhniú nua sínitheora dhigitigh a eisiúint, ní féidir leis na Ballstáit é sin a dhéanamh ach amháin fad atá Rialachán (AE) 2021/953 fós i bhfeidhm. Iarrtar orthu, dá bhrí sin, an bhailíocht theicniúil is mó is féidir a thabhairt don deimhniú sin agus é a chlárú i dTairseach AE sula rachaidh Rialachán (AE) 2021/953 in éag an 30 Meitheamh 2023.

(18) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar agus an Moladh seo á chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú i gcónaí go gcomhlíontar forálacha ábhartha dhlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

*Nascadh le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS*

1. Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a ghlacadh chun nascadh leis an líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda atá á chur ar bun ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), ar choinníoll go gcomhlíonann sé na sonraíochtaí teicniúla arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953. Moltar do na Ballstáit é sin a dhéanamh a luaithe is féidir roimh an 30 Meán Fómhair 2023.

2. Ba cheart do gach Ballstát deimhniú nua sínitheora dhigitigh a bhfuil an bhailíocht theicniúil is mó is féidir aige a eisiúint agus é a chlárú i dTairseach AE sula rachaidh Rialachán (AE) 2021/953 in éag.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún aistriú rianúil a éascú ó chóras Dheimhniú Digiteach COVID AE chuig líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS.

*Deimhnithe a eisiúint agus glacadh leo faoi líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS*

4. A luaithe a bheidh siad nasctha le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a eisiúint, arna iarraidh sin, san fhormáid atá comhoiriúnach leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún;

   (b) na deimhnithe dá dtagraítear i litir a) a eisiúint i bhformáid dhigiteach nó i bhformáid pháipéarbhunaithe, nó an dá fhormáid. Ba cheart na sealbhóirí ionchasacha a bheith i dteideal na deimhnithe a fháil ina rogha féin formáide. An fhaisnéis atá sna deimhnithe, ba cheart í a thaispeáint freisin i bhfoirm atá inléite ag an duine agus ba cheart í a sholáthar ar a laghad i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit eisiúna agus sa Bhéarla.

---

[18] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(c) i gcás ina n-éileoidh siad cruthúnas ar vacsaíniú, tástáil nó téarnamh ó COVID-19 chun srianta a tharscaoileadh, leanúint de ghlacadh le cruthúnais ar vacsaíniú, téarnamh nó tástáil le haghaidh COVID-19 a cumhdaíodh roimhe sin le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 agus i gcomhréir leis na rialacha arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán sin;

(d) a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí seirbhísí iompair paisinéirí trasteorann fíorú na ndeimhnithe dá dtagraítear i litir a) a chomhtháthú in oibriú bonneagair iompair trasteorann, mar shampla, aerfoirt, calafoirt agus stáisiúin iarnróid agus bus, i gcás inarb iomchuí.

*Tuilleadh forbartha ar líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS*

5. Moltar do na Ballstáit páirt ghníomhach a ghlacadh san iarracht chun líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear i ndáil le deimhnithe le haghaidh galair eile agus sonraí sláinte eile a fhíordheimhniú.

*Idirthréimhse go dtí an 30 Meán Fómhair 2023*

6. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Tairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE a chothabháil ar bhealach a thacaíonn le cuspóirí an Mholta seo go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, trína chur ar fáil do thríú tíortha agus do thríú críocha a bhí nasctha tar éis don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953, ar choinníoll go leanfar de dheimhnithe ábhartha na dtríú tíortha agus na dtríú críocha sin a eisiúint i gcomhréir le caighdeáin agus córais theicneolaíocha atá idir-inoibritheach le creat iontaoibhe Thairseach AE agus lenar féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe sin a fhíorú.

7. Go dtí go mbeidh na Ballstáit nasctha le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS dá dtagraítear i bpointe 1 agus sa tréimhse go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, ba cheart dóibh

(a) a bheith nasctha i gcónaí le Tairseach AE, a mhéid a bheidh an tairseach sin á cothabháil ag an gCoimisiún;

(b) leanúint de dheimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a eisiúint, arna iarraidh sin, san fhormáid atá comhoiriúnach leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún[19];

(c) na deimhnithe dá dtagraítear i litir b) a eisiúint i bhformáid dhigiteach nó i bhformáid pháipéarbhunaithe, nó an dá fhormáid. Ba cheart na sealbhóirí ionchasacha a bheith i dteideal na deimhnithe a fháil ina rogha féin formáide. An fhaisnéis atá sna deimhnithe, ba cheart í a thaispeáint freisin i bhfoirm atá inléite ag an duine agus ba cheart í a sholáthar ar a laghad i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit eisiúna agus sa Bhéarla;

---

[19] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 230, 30.6.2021, lch. 32).

(d) i gcás ina n-éileoidh siad cruthúnas ar vacsaíniú, tástáil nó téarnamh ó COVID-19 chun srianta a tharscaoileadh, leanúint de ghlacadh le cruthúnais ar vacsaíniú, téarnamh nó tástáil le haghaidh COVID-19 a cumhdaíodh roimhe sin le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 agus i gcomhréir leis na rialacha arna eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán sin;

(e) a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí seirbhísí iompair paisinéirí trasteorann fíorú na ndeimhnithe dá dtagraítear i litir b) a chomhtháthú in oibriú bonneagair iompair trasteorann, mar shampla, aerfoirt, calafoirt agus stáisiúin iarnróid agus bus, i gcás inarb iomchuí.

8. Na Ballstáit atá nasctha le líonra deimhniúcháin sláinte dhigitigh dhomhanda EDS, ba cheart dóibh a áirithiú freisin, go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, go ndéanfar an fhaisnéis a uaslódálann siad ar Thairseach AE agus i líonra deimhniúcháin sláinte digití domhanda EDS a shioncrónú.

9. Ba cheart do na Ballstáit éifeacht a thabhairt don Mholadh seo ón 1 Iúil 2023 cé is moite de phointe 2, ar cheart éifeacht a thabhairt dó roimh an 30 Meitheamh 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*